



IRISH RESEARCH COUNCIL
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn



CAROLINE
Collaborative Research Fellowships
for a Responsive and Innovative Europe



**COMHALTACHTAÍ TAIGHDE CHOMHOIBRÍOCH DEN CHOMHAIRLE UM
THAIGHDE IN ÉIRINN AR MHAITHE LE SOFHREAGRACHT AGUS
NUÁLAÍOCHT SAN EORAIP 'CAROLINE' – Á gCÓMHAOINIÚ AG
GNÍOMHARTHA MARIE SKŁODOWSKA-CURIE**

2019

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

15 Bealtaine 2018



AN ROINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS

1. SAINMHÍNITHE	3
2. TÚS EOLAIS MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE	5
3. CUR SÍOS AR NA COMHALTACHTAÍ	6
4. COMHALTAÍ	7
5. STRUCHTÚR AGUS LUACH NA nDÁMHACHTAINÍ COMHALTACHTA.....	10
6. COINNÍOLLACHA NA COMHALTACHTA	11
An Plean Oiliúna agus Forbartha Gairme.....	12
Dualgais eile lasmuigh de théarmaí tagartha na comhaltachta	13
Dámhachtainí breise	13
Aistriú eolais	14
Scaipeadh torthaí agus Beartas Rochtana Oscailte	15
Eitic thaighde	16
Gné ghnéis/inscne	17
7. IONRACAS TAIGHDE	17
Foilseacháin agus aitheantas ar mhaoiniúchán ón gComhairle agus ón gCoimisiún Eorpach	18
8. CÚRSAÍ AIRGEADAIS.....	18
Íocaíocht na comhaltachta	18
Cuntasacht ó thaobh airgid de	19
9. ATHBHREITHNIÚ AR AN DUL CHUN CINN.....	20
10. IARCHUR, CUR AR FIONRAÍ AGUS FOIRCEANNADH.....	22
Comhaltacht a iarchur nó a chur ar fionraí	22
Saoire mháithreachais	22
Foirceannadh na comhaltachta.....	22
11. FREAGRACHTAÍ NA nÓSTEAGRAÍOCHTAÍ.....	23
Ósteagraíocht bhaile.....	24
An phríomheagraíocht chomhpháirtí	25
Eagraíocht chomhpháirtí socrúcháin.....	26
12. COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA COMHALTACHTA.....	26
13. COINBHLEACHTAÍ LEASA	26
14. DÍNIT I mBUN TAIGHDE	27

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

1. SAINMHÍNITHE

- 1.1 Ciallóidh **meantóir acadúil** an duine nó na daoine a bheidh freagrach as tacaíocht a thabhairt don chomhalta, agus meantóireacht a dhéanamh ar an gcomhalta, agus as caighdeán acadúil an taighde a dhéantar faoin gcomhaltacht a chinntiú. Ba cheart don mheantóir acadúil a bheith ina b(h)all den fhoireann acadúil san ósteagraíocht bhaile bheartaithe agus ba cheart go mbeadh sé/sí ag súil le bheith fostaithe san ósteagraíocht bhaile bheartaithe ar feadh thréimhse iomlán na comhaltachta. Tá cead ag meantóirí acadúla tacú le breis is comhalta amháin faoi gach ceann den dá chineál comhaltachta CAROLINE atá ar fáil sa ghairm.
- 1.2 Ciallóidh **tír ghaolmhar** tír nach ballstát den Aontas Eorpach (AE) í agus ar tír í a bhaineann le Horizon 2020. Tá liosta tíortha gaolmhara foilsithe ag an gCoimisiún Eorpach agus tá sé [ar fáil ar líne](#)¹.
- 1.3 Is é **CAROLINE** teideal tionscadail Chomhaltachtaí Taighde Chomhoibríoch na Comhairle um Thaighde in Éirinn ar mhaithe le Sofhreagracht agus Nuálaíocht san Eoraip, agus é á chómhaoiniú ag Gníomhartha Marie Skłodowska-Curie².
- 1.4 Ciallóidh **an Chomhairle** an Chomhairle um Thaighde in Éirinn.
- 1.5 Is éard is **taighdeoir cleachtach** ann duine a bhfuil céim dhochtúra aige/aici nó duine ag a bhfuil taithí coibhéis ceithre bliana taighde lánaimseartha ar a laghad nuair a earcaítear é/í.
- 1.6 Ciallóidh **comhalta** nó **comhalta CAROLINE** an duine a mbronntar comhaltacht CAROLINE air/uirthi. Beidh comhaltaí CAROLINE ina gcomhaltaí de chuid 'Marie Skłodowska-Curie'.
- 1.7 Ciallóidh **comhaltacht** nó **comhaltacht CAROLINE** Comhaltacht Taighde Chomhoibríoch CAROLINE ón gComhairle um Thaighde in Éirinn ar mhaithe le Sofhreagracht agus Nuálaíocht san Eoraip, comhaltacht atá á cómhaoiniú ag Gníomhartha Marie Skłodowska-Curie mar atá mínithe sa Litir Thairisceana.
- 1.8 Ciallóidh **ciste comhaltachta** an maoiniú don chomhaltacht.
- 1.9 Tomhaistear **coibhéis taithí taighde lánaimseartha** ón dáta a bronnadh an chéim ar an taighdeoir a d'fhág go bhfuil sé/sí i dteideal gabháil do dhochtúireacht go foirmiúil, bíodh sé sin sa tír ina bhfuarthas an chéim, sa tír inar earcaíodh an taighdeoir nó sa tír inar cuireadh amach ar iasacht é/í.
- 1.10 Ciallóidh **téarma maoiniúcháin** an tréimhse idir dáta tosaithe oifigiúil agus dáta críochnaithe comhaontaithe na comhaltachta.
- 1.11 **Institiúid Ardoideachais (IAO)**: Chun críche na gcomhaltachtaí seo, beidh na nithe seo a leanas i gceist le IAO in Éirinn, (mar atá sainmhínithe i bhforáil 1.16): de réir bhrí Alt a hAon d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971; agus/nó formheasta chun críocha Thionscnamh na dTáillí in Aisce; agus/nó bheith ag fáil maoiniú poiblí de shaghas éigin eile ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá liosta IAOnna incháilithe in Éirinn curtha ar fáil ar [shuíomh gréasáin na Comhairle](#)³.
- 1.12 Ciallóidh **ósteagraíocht bhaile** an IAO aitheanta in Éirinn nó an Eagraíocht Déanta Taighde (EDT, mar atá sainmhínithe i bhforáil 1.24) a bheidh ag fostú

¹ http://ec.europa.eu/research/participants/data/ref/h2020/grants_manual/hi/3cp/h2020-hi-list-ac_en.pdf

² Tá maoiniú faighte ag an tionscadal seo ó chlár taighde agus nuálaíochta Horizon 2020 de chuid an Aontais Eorpaigh faoi chomhaontú deontais Marie Skłodowska-Curie Uimh. 713279.

³ http://research.ie/assets/uploads/2017/05/eligible_heis_rpos_in_ireland_August2017.pdf

- an chomhalta ar feadh thréimhse iomlán na comhaltachta agus an áit a mbeidh an chomhaltacht á coinneáil.
- 1.13 Tagraíonn **ósteagraíocht** d'ósteagraíocht bhaile, do phríomheagraíocht chomhpháirtí agus d'eagraíocht chomhpháirtí socrúcháin ar bith le chéile.
 - 1.14 Ciallóidh **eagraíocht idir-rialtasach (EIR)** aonán atá cruthaithe trí chonradh idir dhá stát cheannasacha nó níos mó, nó EIR eile chun obair a dhéanamh de mheon maith ar cheisteanna comhleasa.
 - 1.15 Ciallóidh **eagraíocht idirnáisiúnta (EI)** (i) eagraíocht idir-rialtasach ar bith nó (ii) eagraíocht neamhrialtasach ar bith a bhfuil ballra, scóip nó láithreach idirnáisiúnta ag baint léi. Meastar eagraíochtaí sainleasa Eorpacha a bheith ina n-eagraíochtaí idirnáisiúnta chun críche na scéime.
 - 1.16 Ciallóidh **Éire** Poblacht na hÉireann chun críche na scéime.
 - 1.17 Ciallóidh **príomheagraíocht chomhpháirtí** eagraíocht neamhrialtasach ar bith nó eagraíocht idirnáisiúnta ar bith mar atá sainmhínithe i bhforálacha 1.18 agus 1.15. Tá cead ag príomheagraíocht chomhpháirtí tacú le breis is comhalta amháin faoin dá chineál comhaltachta CAROLINE, fad is go bhfuil an cumas agus bonneagar aici atá de dhíth le tacú leis an obair thaighde bhainteach agus chun oiliúint a chur ar fáil do bhreis is comhalta amháin, má éiríonn le breis is togra amháin. De réir aidhm na scéime chun tacú le soghluaisteacht idirearnálach, níl institiúidí oideachais i dteideal a bheith mar an príomheagraíocht chomhpháirtí fiú má chomhlíonann siad an sainmhíniú d'eagraíocht neamhrialtasach nó d'eagraíocht idirnáisiúnta.
 - 1.18 Ciallóidh **eagraíocht neamhrialtasach (ENR)** eagraíocht neamhrialtasach ar bith atá ina haonán dlíthiúil, a bhfuil struchtúr bunaithe rialachais ann (amhail bord stiúrthóirí), atá saor ó rialú rialtais agus atá ag obair chun tacú le leas an phobail seachas chun brabús a dhéanamh. Tá cead ag an ENR maoiniú poiblí a fháil fad is go gcoinníonn sí a stádas neamhspleách. Is féidir téarmaíocht éagsúil a úsáid amhail 'eagraíocht shibhialta/eagraíocht sochaí sibhialta' nó eagraíocht 'neamhbhrabús' a úsáid. D'fhéadfadh cineálacha éagsúla ENRanna a bheith ann (náisiúnta/idirnáisiúnta, carthanais, grúpaí pobail, srl.) agus iad suite/ag obair i dtír ar bith.
 - 1.19 Ciallóidh **céim amuigh** iasacht éigeantach an chomhalta dá p(h)ríomheagraíocht chomhpháirtí taobh amuigh d'Éirinn i mbliain 1 de chomhaltacht idirnáisiúnta CAROLINE (féach 3.4.2). Tá an chéim amuigh éigeantach.
 - 1.20 Ciallóidh **socrúchán** sannadh sealadach roghnach an chomhalta don eagraíocht chomhpháirtí socrúchán de réir mar atá ceadaithe ag an gComhairle, d'fhonn gabháil do na gníomhaíochtaí taighde/gairme/oiliúna agus forbartha a bhaineann leis an gcomhaltacht, fad is atá sé/sí ag obair san eagraíocht chomhpháirtí socrúcháin. Déantar socrúcháin laistigh de thréimhse na comhaltachta agus ní síneadh ar an tréimhse sin atá iontu. Tá socrúcháin faoi réir riachtanais soghluaisteachta mar atá sainithe i bhforáil 4.5. Is é an chomhéifeacht cheartúcháin tíre atá le cur i bhfeidhm ar thuarastal an chomhalta fad is atá sé/sí i mbun socrúcháin ná comhéifeacht na tíre sin ina mbeadh cónaí ar an gcomhalta mura mbeadh an socrúchán ar siúl.
 - 1.21 Ciallóidh **meantóir socrúcháin** duine nó daoine atá fostaithe ag an eagraíocht chomhpháirtí socrúcháin agus atá ainmnithe ag an eagraíocht chomhpháirtí socrúcháin (féach 1.22) le bheith freagrach as tacú leis an gcomhalta, agus meantóireacht a dhéanamh air/uirthe, maidir le rannpháirtíocht na heagraíochta chomhpháirtí socrúcháin sa chomhaltacht.
 - 1.22 Ciallóidh **eagraíocht chomhpháirtí socrúcháin ENR/EI** nó eagraíocht bhrabúsach ar bith a dhéanann comhaontú leis an gcomhalta agus le hósteagraíocht bhaile an chomhalta le haghaidh socrúcháin roghnach faoin gcomhaltacht.

- 1.23 Is comhlacht maoiniúcháin é an **Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde (GFT)** atá cruthaithe ag an gCoimisiún Eorpach. Déanann an GFT bainistiú ar chuid mhór de Horizon 2020, lena n-áirítear Gníomhartha Marie Skłodowska-Curie.
- 1.24 **Eagraíocht déanta taighde (EDT)** Chun críocha comhaltachtaí CAROLINE, is é is EDT incháilithe ann eagraíocht ag a bhfuil an acmhainneacht inmheánach chun tabhairt faoi thaighde trína gcuirtear le bonn taighde na hÉireann agus trína bhfairsingítear é ar bhonn ábhartha, agus atá in ann acmhainneacht neamhspleách a léiriú chun tabhairt faoi chláir/thionscadail taighde agus iad sin a stiúradh, mar atá faofa ag an gComhairle. Tá liosta de EDTanna incháilithe curtha ar fáil ar [shuíomh gréasáin na Comhairle](#)⁴.
- 1.25 Ciallóidh **tionscadal taighde** an obair thaighde atá beartaithe ag an gcomhalta ina (h)iaratas le haghaidh CAROLINE agus é faofa ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn.
- 1.26 Ciallóidh **céim fillte** bliain 2 de chomhaltacht idirnáisiúnta CAROLINE (féach 3.4.2), nuair a bheidh an comhalta ag obair dá (h)ósteagraíocht bhaile. Tá an chéim fillte éigeantach.
- 1.27 Ciallóidh **iasacht** sannadh éigeantach sealadach an chomhalta don phríomheagraíocht chomhpháirtí de réir mar atá ceadaithe ag an gComhairle, d'fhonn gabháil do na gníomhaíochtaí taighde/gairme/oiliúna agus forbartha a bhaineann leis an gcomhaltacht, fad is atá sé/sí ag obair sa príomheagraíocht chomhpháirtí. Ba cheart an iasacht a ghlacadh mar thréimhse leanúnach ama mar atá sonraithe don chineál ábhartha comhaltachta agus ní féidir é sin a bhriseadh i roinnt tréimhsí iasachta níos lú. Tá iasachtaí faoi réir riachtanais soghluaisteachta mar atá sainithe i bhforáil 4.5. Is é comhéifeacht cheartúcháin tíre na tíre ina mbeidh an comhalta lonnaithe fad is a bheidh sé/sí ar iasacht a chuirfead i bhfeidhm ar thuarastal an chomhalta ar feadh fhad na hiasachta.
- 1.28 Ciallóidh **meantóir iasachta** an duine nó na daoine atá fostaithe ag an bpríomheagraíocht chomhpháirtí agus atá sainithe ag an bpríomheagraíocht chomhpháirtí a bheith freagrach as tacú leis an gcomhalta agus meantóireacht a dhéanamh air/uirthi maidir le rannpháirtíocht na príomheagraíochta chomhpháirtí sa chomhaltacht.
- 1.29 Ciallóidh **am an earcaithe** an spriocdháta faoina bhfaomhann an Bord Measúnachta Idirnáisiúnta Istigh an liosta aicmithe deiridh. I gcás ghairm CAROLINE 2019, is é an dáta seo ná an 1 Eanáir 2019.

2. TÚS EOLAIS MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE

- 2.1 Is é **bunchuspóir na Comhairle pobal taighde beoga agus cruthaitheach a chumasú agus a chothú in Éirinn**⁵. Is gníomhaireacht ghaolmhar í an Chomhairle den Roinn Oideachais agus Scileanna agus oibríonn sí faoi choimirce an Údaráis um Ard-Oideachas. Tá sé ina phríomhfheidhm ag an gComhairle tacú le taighde den chéad scoth ar fud na ndisciplíní agus na gcéimeanna go léir den ghairm bheatha. Tá ról ar leith ag an gComhairle freisin maidir le tacú le taighde atá dírithe ar an tsochaí, agus tá comhpháirtíochtaí curtha ar bun aici ar fud an rialtais agus na sochaí sibhialta.
- 2.2 Cuireann an Chomhairle deiseanna ilghnéitheacha gairme beatha chun cinn do thaighdeoirí trí obair i gcomhar le hearnálacha fiontraíochta agus neamhacadúla i gcoitinne.

⁴ http://research.ie/assets/uploads/2017/05/eligible_heis_rpos_in_ireland_August2017.pdf

⁵ <http://research.ie/about-us/>

3. CUR SÍOS AR NA COMHALTACHTAÍ

- 3.1 Tá maoiniú bronnta ar an gComhairle ag an gCoimisiún Eorpach faoi Horizon 2020 / Gníomhartha Marie Skłodowska-Curie chun cómhaoiniú a dhéanamh ar scéim comhaltachtaí taighde ina mbeidh gnéithe soghluaisteachta idirnáisiúnta, idirearnálacha agus idirdhisciplíneacha. Is iad aidhmeanna na gcomhaltachtaí tacú le taighdeoirí cleachtacha oiriúnacha ardcháilithe i ndisciplín ar bith:
- taighde a dhéanamh a bhaineann le téama uileghabhálach na forbartha inbhuanaithe domhanda, mar atá leagtha amach faoi [Chlár Oibre na Náisiún Aontaithe le haghaidh 2030](#) i gcomhair rathúnas eacnamaíoch, forbairt shóisialta agus cosaint an chomhshaoil do chách⁶;
 - comhoibriú idirnáisiúnta a dhéanamh le ENR nó EInna oiriúnacha;
 - taithí a fháil ar an tsoghluaisteacht idirnáisiúnta agus leas a bhaint aisti;
 - leas a bhaint as deiseanna bainteacha oiliúna agus forbartha gairme;
 - méadú a dhéanamh ar an seans atá acu post sinsearach taighde a fháil amach anseo, post san earnáil neamhacadúil san áireamh.
- 3.2 Beidh comhaltachtaí CAROLINE faoi réir na dtéarmaí agus coinníollacha atá sonraithe sa chomhaontú deontais maidir leis an scéim comhaltachta a bhí sínithe ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde faoin gcumhacht atá tarmligthe ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an Údarás um Ard-Oideachas. Tá [sampla den chomhaontú deontais samhla ábhartha H2020-MSCA-COFUND-2015](#) ar fáil le haghaidh comhairliúcháin ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh⁷.
- 3.3 Ní mór go gcuirfí tús le gach comhaltacht ar an 1 Meitheamh 2019.
- 3.4 Tairgeann an Chomhairle dhá chineál comhaltachta CAROLINE. Níl cead ag iarratasóirí iarratas a chur isteach ach ar aon chomhaltacht amháin.

Cineál comhaltachta	Tréimhse	Láthair na comhaltachta
Comhaltachtaí Éireannacha	24 mí	Ósteagraíocht bhaile agus iasacht éigeantach do ENR/EI in Éirinn
Comhaltachtaí idirnáisiúnta	24 mí	ENR/EI taobh amuigh d'Éirinn ar feadh bhliain 1 agus san ósteagraíocht bhaile i mbliain 2

- 3.4.1 Beidh taighdeoirí a fhaigheann **comhaltacht Éireannach** ag obair in ósteagraíocht bhaile in Éirinn ar feadh dhá bhliain, agus tabharfar ar iasacht éigeantach iad ar feadh tréimhse idir sé agus dhá mhí dhéag i rith an ama seo do phríomheagraíocht chomhpháirtí atá lonnaithe in Éirinn agus socrúchán rognach féideartha ar fáil chomh maith in eagraíocht chomhpháirtí socrúcháin (suas le trí mhí). Féadfaidh an phríomheagraíocht chomhpháirtí a bheith bunaithe go dlíthiúil lasmuigh d'Éirinn ar choinníoll go bhfuil láithreach

⁶ http://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E

⁷ http://ec.europa.eu/research/participants/data/ref/h2020/mga/msca/h2020-mga-msca-cofund-mono_en.pdf

fhisiceach aige (oifig, acmhainní taighde srl) in Éirinn agus gur féidir leis an tacaíocht riachtanach a thabhairt don taighde atá lonnaithe in Éirinn.

3.4.2 Caithfidh taighdeoirí a bhfuil **comhaltacht idirnáisiúnta** bronnta orthu an chéad bhliain ar iasacht ag a bpríomheagraíocht chomhpháirtí taobh amuigh d'Éirinn agus déanfaidh siad céim éigeantach fillte ar feadh bliain amháin ina n-ósteagraíocht bhaile in Éirinn, agus seans ann go bhféadfaidís socrúchán roghnach a dhéanamh in eagraíocht chomhpháirtí socrúcháin. D'fhéadfadh socrúcháin a bheith ar siúl ar feadh suas le trí mhí sa chéim amuigh agus sa chéim fillte araon. Ní mór gurbh in áiteanna lasmuigh d'Éirinn a bheadh na socrúcháin a dhéantar le linn na céime amuigh lonnaithe.

3.5 Ba chóir go gcuirfeadh socrúcháin go mór le tionchar na comhaltachta.

3.6 Bronntar dámhachtainí faoi scéim comhaltachtaí CAROLINE ar an gcomhalta aonair; ach féach freisin foráil 5.1 agus 6.2 thíos.

4. **COMHALTAÍ**

4.1 Roghnófar comhaltaí le haghaidh dhámhachtainí CAROLINE tar éis nós imeachta roghnúcháin trédhearcach atá bunaithe ar fhiúntas, agus é neamhchlaonta agus cothrom, rud a bheidh bunaithe ar athbhreithniú píaraí idirnáisiúnta. Tá sonraí faoin bpróiseas agus na critéir mheasúnachta curtha ar fáil sa Treoir d'Iarratasóirí.

4.2 Ní dhéanfar measúnú ach ar iarratais chomhlánaithe atá seolta isteach ag iarratasóirí incháilithe le tacaíocht ó phríomheagraíochtaí comhpháirtí incháilithe agus, pé áit ar infheidhme, ag eagraíochtaí comhpháirtí socrúcháin.

Critéir cháilitheachta

4.3 Ní mór do gach iarratasóir CAROLINE na critéir a chomhlíonadh le haghaidh **ceann amháin den dá chineál taighdeora chleachtaigh seo a leanas**:

4.3.1 Taighdeoir cleachtach chineál 1

4.3.1.1 bronnadh céim dhochtúra ar an duine seo taobh istigh den tréimhse seacht mbliana sular earcaíodh é/í. Cuirtear sosanna gairme incháilithe ar feadh tréimhsí suas le cúig bliana san áireamh⁸. Cuirfear dáta bronnta na céime san áireamh chun críocha an choinníll seo.

4.3.2 Taighdeoir cleachtach chineál 2

4.3.2.1 duine nach bhfuil céim dhochtúra aige/aici, ach a bhfuil céim mháistreachta nó fochéim aige/aici amháin céim bhaitsiléara nó a comhionann⁹, rud a chuireann ar a chumas gabháil do dhochtúireacht in Éirinn nó sa tír ina bhfuarthas an cháilíocht; agus

⁸ Cuimsíonn sosanna gairme incháilithe saoire mháithreachais nó saoire chúramóirí, mar shampla.

⁹ Céimeanna arb ionann iad agus céim mháistreachta leibhéal 9 nó céim bhaitsiléara onóracha leibhéal 8 ar Chreat Náisiúnta Cálíochtaí na hÉireann; féach <http://www.nfq-qqi.com/index.html>

4.3.2.2 sular earcaíodh é/í, bhí coibhéis ceithre bliana de thaithí taighde lánaimseartha ar a laghad aige/aici tar éis na cáilíochta a chuirfeadh ar a c(h)umas gabháil do dhochtúireacht in Éirinn nó sa tír ina bhfuarthas an cháilíocht.

4.4 Ní mór do chomhaltaí CAROLINE a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh trí Bhéarla ar an gcaighdeán riachtanach. Beidh gá le ráiteas a dheimhníonn an méid seo ón ósteagraíocht bhaile mar chuid d'fhaomhadh an iarratais.

4.5 Riachtanais soghluaisteachta:

4.5.1 Iarratasóirí na **comhaltachta Éireannaí**:

4.5.1.1 Is éard is iarratasóirí incháilithe ann ná na daoine siúd a bhfuil náisiúntacht nó cónaitheacht ar bith ag baint leo nach raibh in Éirinn ná sa tír ina bhfuil an socrúchán beartaithe le bheith, más bainteach, le breis is dhá mhí dhéag sna trí bliana roimh an earcú.

4.5.1.2 Maidir le teifigh faoi Choinbhinsiún na Ginéive, ní dhéanfar fad an nós imeachta teifigh a chur san áireamh mar thréimhse chónaithe in Éirinn agus/ná sa tír ina bhfuil an socrúchán beartaithe le bheith ar siúl, más bainteach.

4.5.2 Iarratasóirí na **comhaltachta idirnáisiúnta**:

4.5.2.1 Is éard is iarratasóirí incháilithe ann ná na daoine siúd nach raibh sa tír ina bhfuil an iasacht bheartaithe le bheith ar siúl ná sa tír ina bhfuil an socrúchán beartaithe le bheith ar siúl, más bainteach, le breis is dhá mhí dhéag sna trí bliana roimh an earcú.

4.5.2.2 Maidir le teifigh faoi Choinbhinsiún na Ginéive, ní dhéanfar fad an nós imeachta teifigh a chur san áireamh mar thréimhse chónaithe sa tír ina bhfuil an iasacht le bheith ar siúl agus/ná sa tír ina bhfuil an socrúchán beartaithe le bheith ar siúl, más bainteach.

4.5.2.3 Má tá an iasacht le déanamh i dtír eile seachas ballstát (BS) den AE nó i dtír ghaolmhar, ní mór don iarratasóir a bheith ina náisiúnach/s(h)aoránach de bhallstát den AE nó de thír ghaolmhar, nó a bheith gníomhach go leanúnach i dtaighde ar feadh tréimhse choibhéiseach lánaimseartha cúig bliana i mballstát nó tír ghaolmhar sular earcaíodh é/í. Mura gcomhlíontar an coinníoll sin, measfar go mbeidh an t-iarratasóir neamh-incháilithe.

4.6 Níl cead ag comhaltaí CAROLINE comhaltacht iardhochtúireachta INSPIRE¹⁰, CARA¹¹ nó ELEVATE de chuid na Comhairle a bheith acu i láthair na huaire ná riamh cheana.

¹⁰ Dámhachtainí bronnta ag IRCSET

¹¹ Dámhachtainí bronnta ag IRCHSS

- 4.7 Caithfidh nár chuir na hiarratasóirí dhá iarratas eile nár éirigh leo isteach ar an gclár roimhe seo.
- 4.8 Níl cead ag comhaltaí CAROLINE a bheith ina mbaill bhuana foirne in IAO/EDT in Éirinn a bheadh mar an ósteagraíocht bhaile don chomhaltacht.
- 4.9 Níl cead ag comhaltaí CAROLINE a bheith ina mbaill bhuana foirne den phríomheagraíocht chomhpháirtí bheartaithe.
- 4.10 Tá cead ag comhaltaí de náisiúntacht ar bith comhaltacht CAROLINE a bheith acu. Mar sin féin, ní mór do na comhaltaí rialacháin inimirce thír na hÓsteagraíochta baile agus na príomheagraíochta comhpháirtí a chomhlíonadh. Caithfidh tacaíocht a bheith ag comhaltaí CAROLINE óna n-óstinstitiúid maidir leis na rialacháin agus riachtanais sin más rud é nach náisiúnach de chuid ballstáit den AE iad.
- 4.11 Caithfidh comhaltaí idirnáisiúnta CAROLINE a bpríomháit chónaithe taobh amuigh d'Éirinn i dtír na hÍsachta a choimeád i rith a gcéime amuigh agus in Éirinn le haghaidh na céime fillte den chomhaltacht. I gcás go bhfuil socrúchán roghnach beartaithe i dtír eile agus é faofa ag an gComhairle, beidh ar an gcomhalta a p(h)ríomháit chónaithe a choimeád i dtír an tsocrúcháin faofa.
- 4.12 Caithfidh comhaltaí Éireannacha a bpríomháit chónaithe in Éirinn a choimeád i rith fhad iomlán a gcomhaltachta Éireannaí CAROLINE. I gcás go bhfuil socrúchán roghnach beartaithe taobh amuigh d'Éirinn agus é faofa ag an gComhairle, beidh ar an gcomhalta a p(h)ríomháit chónaithe a choimeád i dtír an tsocrúcháin faofa.
- 4.13 I gcás na gcomhaltachtaí uile, beidh na socrúithe inimirce agus an teidlíocht oibre in Éirinn le socrú idir an comhalta agus a (h)óstinstitiúid, agus le húdaráis bhainteacha an Stáit de réir mar is infheidhme.
- 4.14 Coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin fianaise dhoiciméadach a iarraidh mar chuid den deimhniú cáilitheachta, tar éis spriocdháta na gairme. Má fhaightear amach go bhfuil an fhaisnéis atá curtha ar fáil ag an iarratasóir san fhoirm iarratais mícheart nó más rud é nach féidir é a fhíorú má iarrtar a leithéid, coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin an dámhachtain a tharraingt siar.
- 4.15 Tá glacadh leis an dámhachtain faoi réir na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo agus na dTreoracha d'Iarratasóirí, arb iad, i dteannta na Litreach Tairisceana agus na Foirme Glactha comhlánaithe agus sínithe, an bonn faoina mbeidh an dámhachtain i seilbh an scoláire.
- 4.16 Is faoi réir na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo a bhíonn comhaltacht ag duine. Má sháraíonn comhalta aon cheann acu sin, d'fhéadfadh an Chomhairle an chomhaltacht a chur ar fionraí nó ar ceal agus/nó d'fhéadfadh sé go n-éileodh an Chomhairle ar an gcomhalta na híocaíochtaí a rinneadh leis/léi roimhe sin a aisíoc.

- 4.17 Caithfidh taighdeoirí cloí le prionsabail agus riachtanais ghinearálta sa [‘Chairt Eorpach do Thaighdeoirí agus sa Chód Iompraíochta um Earcaíocht Taighdeoirí’](#)¹² de réir mar a bhaineann siad le taighdeoirí.

5. **STRUCHTÚR AGUS LUACH NA nDÁMHACHTAINÍ COMHALTACHTA**

- 5.1 Cé go mbronntar an dámhachtain ar an gcomhalta aonair, bíonn an ciste comhaltachta á riar tríd an oifig chuí in ósteagraíocht bhaile an chomhalta.
- 5.2 Ríomhfar luach na comhaltachta CAROLINE de réir phrionsabail Chomhaltachtaí Aonair Gníomhartha Marie Skłodowska-Curie 2014–15¹³ agus cuimseofar na gnéithe seo a leanas¹⁴:
- 5.2.1 Íocaíocht leis an ósteagraíocht bhaile as **liúntas maireachtála**¹⁵ an chomhalta. Cinnfear an méid sin de réir bhunráta €55,800 in aghaidh na bliana, rud a bheidh coigeartaithe ag comhéifeacht cheartúcháin na tíre baintí mar atá sonraithe ag an gCoimisiún Eorpach¹⁶ maidir le gach bliain den chomhaltacht, agus í faoi réir thír chónaithe an chomhalta sa bhliain luaite¹⁷.
- 5.2.2 Íocaíocht leis an ósteagraíocht bhaile as **liúntas soghluaisteachta** an chomhalta ar luach €7,200 in aghaidh na bliana, le haghaidh bhlianta 1 agus 2 1 de na comhaltachtaí idirnáisiúnta.
- 5.2.3 Íocaíocht leis an ósteagraíocht bhaile as **liúntas teaghlai** an chomhalta ar luach €6,000 in aghaidh na bliana, pé áit ar infheidhme¹⁸.
- 5.2.4 Íocaíocht leis an ósteagraíocht bhaile as **costais dhíreacha taighde, oiliúna agus líonraithe** an chomhalta le cur ar chumas an chomhalta an chomhaltacht a chur i gcrích, ar luach €9,600 in aghaidh na bliana. Áirítear le costais dhíreacha incháilithe taighde, oiliúna agus líonraithe soláthairtí riachtanacha taighde amhail tomhaltáin bheaga; rochtain ar bhonneagar taighde náisiúnta ar bhonn íoc mar a úsáidtear; bogearraí agus cruá-earraí atá ríthábhachtach don taighde – le ceannach sa chéad bhliain den dámhachtain; costais taighde cartlainne; leabhair agus irisí; taisteal chuig comhdhálacha agus rannpháirtíocht iontu; sainoiliúint agus/nó gnáthoiliúint scileanna disciplíneacha; agus costais foilseacháin agus scríofa amach. Ní mhaoineofar ach speansais incháilithe dhearbhaithe a bhfuil gá leo chun an chomhaltacht

¹² <https://euraxess.ec.europa.eu/jobs/charter>

¹³ https://ec.europa.eu/research/participants/data/ref/h2020/wp/2014_2015/main/h2020-wp1415-msca_en.pdf

¹⁴ Tabhair do d'aire go bhfuil an liúntas maireachtála, an liúntas soghluaisteachta agus an liúntas teaghlai faoi réir asbhaintí reachtúla áirithe. Moltar do na comhaltaí teagmháil a dhéanamh lena n-ósteagraíocht bhaile bheartaithe le deimhniú cad iad na hasbhaintí atá i gceist.

¹⁵ Cuimsíonn an íocaíocht seo ranníocaíochtaí reachtúla pinsin agus ÁSPC an fhostóra.

¹⁶ https://ec.europa.eu/research/participants/data/ref/h2020/wp/2014_2015/main/h2020-wp1415-msca_en.pdf

¹⁷ Amach ó shocrúcháin, féach Foráil 1.20

¹⁸ Sainmhínítear teaghlach mar dhaoine a bhfuil ceangal acu leis an taighdeoir (i) trí phósadh, nó (ii) trí chaidreamh a bhfuil comhstádas aige le pósadh, agus é aitheanta trí reachtaíocht na tíre ina ndearnadh caidreamh foirmeálta de; nó (iii) páistí cleithiúnacha atá á gcothabháil ag an gcomhalta i ndáiríre. Déanfar stádas teaghlai comhalta a chinneadh ar an spriocdháta d'íarratasóirí agus ní athmheasfar é i rith shaolré na comhaltachta.

a chur i gcrích, arna dtabhú taobh istigh den téarma maoiniúcháin agus sonrasc eisthe ina leith le linn an téarma maoiniúcháin. Níl costais bhallraíochta, stipinní do mhic léinn, tuarastal do chúntóirí taighde ná costais tuarastail den sórt sin ina gcostais dhíreacha taighde incháilithe faoin scéim.

- 5.2.5 Ranníocaíocht le haghaidh **costais indíreacha taighde** ar luach €1,752 sa bhliain le cabhrú leis an bpríomheagraíocht chomhpháirtí le costais a bhaineann le freastal ar an gcomhalta, agus é/í a threorú, monatóireacht a dhéanamh air/uirthi agus doiciméadú a dhéanamh ar a (h)oiliúint agus a f(h)orbairt, agus le tacú le dálaí maithe oibre.
- 5.2.6 Árachas sláinte do chomhaltaí CAROLINE nach bhfuil incháilithe le haghaidh an Chárta Eorpaigh um Árachas Sláinte nó i gcásanna ina bhfuil na comhaltaí taobh amuigh de scóip an chárta. Déanfaidh comhaltaí incháilithe teagmháil dhíreach leis an gComhairle sula ndéanfar na socruithe bainteacha.
- 5.2.7 Saoire íoctha mháithreachas i gcomhréir le beartas na hÉireann agus beartas na Comhairle, mar atá mínithe i bhForáil 10.
- 5.3 Is é an méid is mó is ceadmhach a chaitheamh in aon bhliain amháin de chomhaltacht CAROLINE ná **na liúntais bhainteacha bhliantúla mar atá sonraithe sa litir thairisceana**, móide iarmhéid nár caitheadh de speansais incháilithe dhíreacha tacaíochta taighde ar bith a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe sin den chomhaltacht, más infheidhme. Amach uaidh seo, ní ceadmhach cistí a thabhairt ar aghaidh ó bhliain amháin go bliain eile.
- 5.4 Ní chuirfear maoiniú ar fáil ach do chur i bhfeidhm an tionscadail taighde agus an phlean oiliúna agus forbartha gairme atá curtha i láthair san fhoirm iarratais. Má tá sé i gceist gan cloí leis sin ar bhealach ar bith nó má éiríonn sé soiléir nach gcloífead, caithefear cead na Comhairle a lorg roimh ré.
- 5.5 Níl speansais a bhaineann le gníomhaíochtaí a tharlaíonn taobh amuigh den tréimhse mhaoiniúcháin incháilithe faoin gcomhaltacht.

Cánachas

- 5.6 Beidh an Chomhaltacht faoi réir Dhlí na hÉireann um na Coimisinéirí Ioncaim.
- 5.7 Beidh comhlíonadh na rialachán náisiúnta maidir le cánachas ina cheist nach mór don chomhalta, don ósteagraíocht bhaile agus do Choimisinéirí Ioncaim na hÉireann a réiteach eatarthu¹⁹.

6. COINNÍOLLACHA NA COMHALTACHTA

Láthair na gcomhaltachtaí

- 6.1 Ní mór do chomhaltaí a bheith cleamhnaithe le hInstitiúid Ardoideachais incháilithe in Éirinn (mar atá sainmhínithe i 1.11) nó le hEagraíocht Déanta Taighde incháilithe (mar atá sainmhínithe i bhForáil 1.24).

¹⁹ Tá roinnt faisnéis úsáideach maidir le hasbhaintí agus cánachas tuarastail ar fáil ag http://www.citizensinformation.ie/ga/employment/starting_work_and_changing_job/starting_work/

- 6.2 Ní ceadmhach comhaltachtaí a bheith ag duine ná leanúint díobh ag eagraíocht ar bith eile seachas an ósteagraíocht agus leis na meantóirí atá sonraithe san fhoirm iarratais, ach amháin má fhaightear cead na Comhairle *roimh ré*.
- 6.3 Caithfidh comhaltaí a bheith i láthair go dáiríre i rith na gcomhaltachtaí san aonad cuí dá n-ósteagraíocht féin agus cónaí orthu in áit a bhfuil achar taistil réasúnta idir í agus an ósteagraíocht bhainteach.
- 6.4 Éilíonn an Chomhairle ar chomhaltaí teagmháil sách rialta a bheith acu lena meantóir acadúil, a meantóir iasachta agus, pé áit ar infheidhme, a meantóir socrúcháin.
- 6.5 D'ainneoin fhorálacha 6.3 agus 6.4, tuigean an Chomhairle go mb'fhéidir go mbainfeadh an comhalta leas as seal den chomhaltacht a chaitheamh amach ón ósteagraíocht, ón bpríomheagraíocht chomhpháirtí, nó pé áit ar infheidhme, ón eagraíocht socrúcháin. D'fhéadfaí go gcuimseodh a leithéid de thréimhsí freastal ar chúrsaí atá bainteach le hoiliúint an chomhalta nó turais thar oíche a bhaineann le taighde.
- 6.6 D'fhonn leas a bhaint as a leithéid de dheis ar feadh tréimhse níos faide ná ceithre seachtaine, caithfidh an comhalta iarratas a dhéanamh roimh ré chuig an gComhairle chun cead a fháil agus tacaíocht scríofa a m(h)eantóra acadúil a chur san áireamh. Nuair atá a leithéid de neamhláithreacht a bhaineann le taighde beartaithe ag comhalta i rith na hiasachta éigeantaí nó an tsocrúcháin roghnaigh, beidh gá chomh maith le tacaíocht mheantóir iasachta nó mheantóir socrúcháin an chomhalta, de réir mar is infheidhme. Beidh teimpléad ar fáil chun na críche sin ach é a lorg. Caithfear taifead a choinneáil ar aon turas a bhaineann leis an gcomhaltacht mar chuid den tuairisciú ar dhul chun cinn a bheidh ag teastáil.
- 6.7 Cé go bhfuil an Chomhairle ag súil leis go gcuirfidh comhaltaí a gcuid taighde i gcrích san ósteagraíocht bhaile agus sa phríomheagraíocht chomhpháirtí a bhí beartaithe ar an gcéad dul síos, tuigean an Chomhairle go bhféadfadh imthosca eisceachtúla a bheith ina gcúis le hathrú ar an suíomh nó athrú meantóra. Sna cásanna sin, is gá don chomhalta agus don mheantóir beartaithe nua, an ósteagraíocht bhaile agus an phríomheagraíocht chomhpháirtí scríobh chuig an gComhairle agus an chúis leis an athrú a mhíniú. Déanfaidh an Chomhairle machnamh ar an aighneacht de réir a tuilleanas, agus tabharfar freagra uirthi agus í ag cur in iúl cibé acu an leanfar nó nach leanfar den mhaoiniú faoi na socrúithe nua.

An Plean Oiliúna agus Forbartha Gairme

- 6.8 Éilítear ar an gcomhalta, ar an meantóir acadúil agus ar an meantóir iasachta Plean Oiliúna agus Forbartha Gairme a chur le chéile d'fhonn plean cuimsitheach oibre a fhorbairt a mhairfidh ar feadh na comhaltachta, agus i dtreo gairm dhinimiciúil a fhorbairt i ndiaidh thréimhse na comhaltachta.
- 6.9 Caithfear taifead a choinneáil ar ghníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha gairme a bhíonn críochnaithe ag an gcomhalta agus caithfear tuairisciú orthu sin i dtuairiscí ar dhul chun cinn a bhíonn curtha faoi bhráid na Comhairle.

Dualgais eile lasmuigh de théarmaí tagartha na comhaltachta

- 6.10 Caithfidh comhaltaí a bheith dírithe go hiomlán ar ghníomhaíochtaí oiliúna taighde a gcomhaltachta agus níor chóir dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht ar bith ar luach saothair seachas forbairt a dhéanamh ar an tionscadal taighde sainithe agus an Plean Oiliúna agus Forbartha Gairme a chur i bhfeidhm.
- 6.11 Ní mór do chomhaltaí a bheith i mbun gníomhaíochtaí comhaltachta go lánaimseartha i rith na tréimhse maoiniúcháin.
- 6.12 Is bealach riachtanach é an teagasc chun eolas a struchtúru agus a scaipeadh, agus breathnaítear air mar ghníomhaíocht oiriúnach faoin gcomhaltacht. Tá cead ag an gcomhalta dul i mbun teagaisc sa chás go bhfuil n-áirítear é sin sa Plean Oiliúna agus Forbartha Gairme, agus faoi na coinníollacha seo a leanas:
- 6.12.1 tugtar faoi ghníomhaíochtaí teagaisc fad is atá an comhalta bunaithe ag a (h)ósteagraíocht bhaile; agus
- 6.12.2 is IAO é ósteagraíocht bhaile an chomhalta; agus
- 6.12.3 tá na gníomhaíochtaí teagaisc bainteach leis an taighde atá á mhaoiniú ag an gcomhaltacht; agus
- 6.12.4 ní sháraíonn fad iomlán na ngníomhaíochtaí teagaisc (uaireanta teagmhála agus neamhtheagmhála le chéile) iomlán 50 uair in aghaidh an téarma acadúil; agus
- 6.12.5 caithfidh oiliúint, monatóireacht agus tacaíocht oiriúnach a bheith curtha ar fáil don chomhalta ag a m(h)eantóir acadúil nó ag ball foirne eile atá cáilithe go cuí taobh istigh den IAO mar a bheidh comhaontaithe leis an meantóir acadúil.
- 6.13 Déanfaidh an Chomhairle monatóireacht ar ghníomhaíochtaí teagaisc mar chuid dá meicníocht chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn.
- 6.14 Seans go dtabharfaidh an Chomhairle ar an gcomhalta freastal ar sheisiúin oiliúna, ócáidí taighde, cruinnithe agus imeachtaí comhchosúla de réir mar a bhíonn siad eagraithe ag an gComhairle.

Dámhachtainí breise

- 6.15 Níl an chomhaltacht ceaptha lena chur in ionad cistí atá ar fáil faoi na gníomhartha taighde a bhaineann le clár ná chun na cistí sin a mhéadú. D'fhéadfadh an chomhaltacht a bheith ag duine ag a bhfuil deontais taistil nó trealaimh atá maoinithe go seachtrach ar choinníoll:
- 6.15.1 Má dhéanann an comhalta iarratas ar thuilleadh maoiniúcháin ó fhoinsé eile, cuirfidh sé/sí in iúl san iarratas sin (beag beann ar cibé acu an éilítear nó nach n-éilítear air/uirthe é a dhéanamh) go bhfuil comhaltacht CAROLINE aige/aici, agus go dtabharfaidh sé/sí fógra don Chomhairle sula gcuirfidh sé/sí an t-iarratas isteach.

- 6.15.2 Nach bhfuil luach an mhaoinithe eile os cionn €20,000 in aon bhliain ar leith i rith thréimhse na comhaltachta. Tuigeann an Chomhairle, áfach, go bhfuil seans ann go mbronnfaí dámhachtainí ó am go ham, arbh fhiú níos mó ná an teorainn seo iad, ar chomhalta go neamhspleách le linn théarma na comhaltachta, le haitheantas a thabhairt d'fhíorfhiúntas an chomhalta sin. Ina leithéid de chásanna, cuirtear in iúl do chomhaltaí go bhfuil cead acu, i *gcásanna eisceachtúla*, agus ar bhonn cáis ar chás amháin, a leithéid de mhórdámhachtainí pearsanta a shealbhú in éineacht leis an maoiniú atá curtha ar fáil ag an gComhairle. Tá glacadh lena leithéid de dhámhachtainí breise i rith théarma na comhaltachta faoi réir cead a fháil ón gComhairle *roimh ré*.
- 6.15.3 Ní mór do chomhaltaí a bhfuil foinsí eile maoinithe acu (seachas trí fhostaíocht íoctha) amhail deontais taistil srl, na hoifigí cuí ina n-ósteagraíocht agus sa Chomhairle a chur ar an eolas i scríbhinn maidir le méid agus foinse an mhaoinithe. Ní mór an fhaisnéis sin a thaifeadh freisin sna tuarascálacha ar dhul chun cinn a éilítear. Baineann sé sin le maoiniú taighde a fhaightear roimh, nó i rith thréimhse na comhaltachta.
- 6.15.4 Toilíonn lucht an mhaoinithe eile gur ceadmhach comhaltacht CAROLINE a choinneáil in éineacht lena ndámhachtain(i) féin. Ní bheidh aon bhaint ag an gComhairle leis na cinntí a dhéanfaidh eagraíochtaí maoiniúcháin eile ina leith sin.
- 6.16 Is faoin gcomhalta féin, seachas faoin gComhairle ná faoin ósteagraíocht bhaile, a bheidh sé déileáil le ceisteanna cánach a d'fhéadfadh a bheith i gceist mar gheall ar dhámhachtainí dá leithéid.

Aistriú eolais

- 6.17 Tacaíonn an Chomhairle le tráchtálú aschur taighde mar atá leagtha amach in [Inspiring Partnership - the national IP Protocol 2016: Policies and resources to help industry make good use of public research in Ireland](#)²⁰ agus [Putting public research to work for Ireland: Policies and procedures to help industry make good use of Ireland's public research institutions \(2012\)](#)²¹.
- 6.18 Ní dhéanann an Chomhairle éileamh ar bith ar mhaoin intleachtúil mar gheall ar an gcomhaltacht.
- 6.19 Caithfidh na hósteagraíochtaí rialacha agus nósanna imeachta a bhunú chun maoin intleachtúil ar bith a eascraíonn as an gcomhaltacht a chosaint agus a bhainistiú de réir mar is infheidhme, agus iad sin a leagan amach i gcomhaontú scríofa (féach foráil 11.4). Caithfidh na rialacha agus nósanna imeachta sin a bheith i gcomhréir leis na treoirínte infheidhme náisiúnta agus riachtanais Horizon 2020 mar atá ordaithe sa [chomhaontú deontais a rialaíonn an scéim comhaltachtaí](#)²².

²⁰ <http://www.knowledgetransferireland.com/ManagingIP/KTI-Protocol-2016.pdf>

²¹ <https://www.enterprise-ireland.com/en/Research-Innovation/Companies/IPP-Putting-public-research-to-work-for-Ireland.pdf>

²² http://ec.europa.eu/research/participants/data/ref/h2020/mga/msca/h2020-mga-msca-cofund-mono_en.pdf

6.20 Caithfidh admháil mhaoiníocháin faoi Ghníomhartha Marie Skłodowska-Curie a chur san áireamh le hiarratais ar chosaint torthaí, lena n-áirítear iarratais ar phaitinní.

Scaipeadh torthaí agus Beartas Rochtana Oscailte

6.21 Ach amháin sa chás go dtagann siad salach ar leasanna dlisteanacha an chomhalta agus na hósteagraíochta, caithfidh an comhalta torthaí a t(h)aighde a scaipeadh chomh luath agus is féidir trína nochtadh don phobal trí mhodhanna cuí (seachas na cinn siúd atá mar thoradh ar chosaint nó leas a bhaint as na torthaí), foilseacháin eolaíocha san áireamh (trí mheán ar bith).

6.22 Caithfidh plean for-rochtana pobail a bheith mar chuid den iarratas agus beidh ar chomhaltaí tuairisciú ar chur i bhfeidhm an phlean mar chuid de thuairisciú na Comhairle ar dhul chun cinn. Beidh treoir ar na riachtanais maidir leis an bplean for-rochtana pobail curtha ar fáil sa Treoir d'Iarratasóirí.

6.23 Beidh rochtain oscailte ar fhoilseacháin eolaíocha á rialú ag na rialacha a bhaineann le taisceadh foilseacháin agus aschuir thaighde i dtaisclanna rochtana oscailte de réir mar is infheidhme faoin [gcomhaontú deontais a rialaíonn an scéim comhaltachtaí](#)²³ agus faoi [Bheartas Rochtana Oscailte](#)²⁴ na Comhairle.

6.24 Glactar leis go mbeidh cásanna aitheanta ann nuair a bheidh seans ann nach féidir cloí go hiomlán le Foráil 6.25 agus sna cásanna sin ba chóir don chomhalta teagmháil a dhéanamh leis an meantóir acadúil chun comhairle a fháil.

6.25 Caithfidh na comhaltaí rochtain oscailte a chinntiú (rochtain ar líne gan costas ar bith ar an úsáideoir) ar gach foilseachán eolaíoch a bhaineann lena dtorthaí agus a ndéantar athbhreithniú piaraí orthu. Caithfidh siad na nithe seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

6.25.1 cóip leictreonach meaisín-inléite den leagan foilsithe nó an lámhscríbhinn deiridh a bhfuil athbhreithniú piaraí déanta uirthi agus atá glactha le haghaidh a foilsithe, ní mór í a cur i dtaisclann foilseachán eolaíoch chomh luath agus is féidir agus ar uair a fhoilsithe ar a dhéanaí;

6.25.2 é a bheith mar aidhm acu chomh maith na sonraí taighde a bhfuil gá leo chun na torthaí atá curtha i láthair sna foilseacháin thaiscthe eolaíocha a fhíorú a chur i dtaisce ag an am céanna;

6.25.3 rochtain oscailte a chinntiú – tríd an taisclann – ar an bhfoilseachán taiscthe ar a dhéanaí:

- (i) nuair a fhoilseofar é, má tá leagan leictreonach ar fáil saor in aisce tríd an bhfoilsitheoir, nó
- (ii) taobh istigh de shé mhí tar éis a fhoilsithe (dhá mhí dhéag i gcás foilseacháin na n-eolaíochtaí sóisialta agus na ndaonnachtaí) i gcás ar bith eile;

²³ http://ec.europa.eu/research/participants/data/ref/h2020/mga/msca/h2020-mga-msca-cofund-mono_en.pdf

²⁴ http://research.ie/assets/uploads/2017/05/irc_open_access_policy_final_1.pdf

6.25.4 rochtain oscailte a chinntiú – tríd an taisclann – ar na meiteashonraí bibleagrafacha lena n-aithnítear an foilseachán taiscthe.

6.26 Moltar do chomhaltaí cloí leis na [Treoirínte ar Rochtain Oscailte ar Fhoilseacháin Eolaíoch agus Sonraí Taighde in Horizon 2020](#)²⁵ atá i gClár H2020.

Eitic thaighde

6.27 Ní fhéadfaidh an Chomhairle maoiniú a bhronnadh i leith gníomhaíocht taighde faoi aon cheann de na réimsí toirmiscthe seo a leanas:

6.27.1 daoine a chlónáil chun críche atáirgeadh;

6.27.2 modhnú géiniteach a dhéanamh ar dhaoine sa chaoi is go bhféadfaí a leithéid d'athruithe a dhéanamh ina dtréithe inoidhreacht (cé is moite de thaighde a bhaineann le cóir leighis le haghaidh ailse gónad, rud a d'fhéadfadh a bheith maoinithe);

6.27.3 suthanna daonna a chruthú chun críche taighde nó chun críche gaschealla a fháil, agus an cuspóir nó na cuspóirí sin amháin i gceist, agus aistriú núicléas cille sómaí san áireamh.

6.28 Caithfidh gníomhaíochtaí uile na gcomhaltachtaí CAROLINE a bheith dírithe go hiomlán ar úsáidí sibhialta.

6.29 Tá an Chomhairle tiomanta d'ardchaighdeáin a choimeád i dtaobh eitice sa taighde a mhaoiníonn sí.

6.30 Ní foláir go mbeidh treoirínte soiléire eiticiúla agus nósanna imeachta dearbhaithe i bhfeidhm ag na hóstagraíochtaí chun taighde faoina stiúir a bhainistiú.

6.31 Tá an ósteagraíocht bhaile freagrach as faomhadh/monatóireacht eiticiúil a dhéanamh ar chomhaltacht CAROLINE.

6.32 Ba chóir do chomhaltaí cloí leis na cleachtais eiticiúla agus leis na bunphrionsabail eiticiúla aitheanta a bhfuil glacadh leo ina ndisciplín(i), agus leis na caighdeáin eiticiúla arna leagan síos sna cóid eitice éagsúla ar an leibhéal náisiúnta, eanála nó institiúideach.

6.33 Ceanglaítear ar na comhaltaí dianmhachnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna eiticiúla a d'fhéadfadh teacht aníos le linn a gcuid taighde.

6.34 Má thagann saincheisteanna eiticiúla chun cinn ina gcuid taighde, beidh ar chomhaltaí ráiteas i scríbhinn a chur faoi bhráid na Comhairle le rá go ndearnadh lánmhachnamh ar impleachtaí eiticiúla an togra thaighde. Ní foláir don ráiteas seo léiriú a dhéanamh chomh maith ar an réiteach atá ar intinn ag an gcomhalta maidir leis an tsaincheist eiticiúil atá tagtha chun cinn.

6.35 I gcás inar gá cead a fháil ó Choiste Eitice na hóstagraíochta baile, nó ón gcomhlacht choibhéiseach ina ósteagraíocht bhaile, le haghaidh togra taighde comhalta, is gá fianaise scríofa ar a leithéid d'fhaomhadh eiticiúil a fháil don

²⁵ http://ec.europa.eu/research/participants/data/ref/h2020/grants_manual/hi/oa_pilot/h2020-hi-oa-pilot-guide_en.pdf

Chomhairle sula dtosóidh na gníomhaíochtaí a bhfuil faomhadh eiteiciúil de dhíth orthu, ach ná bíodh sé faighte tráth is déanaí ná trí mhí tar éis dháta tosaithe na comhaltachta.

- 6.36 Ní foláir do na hóstegraíochtaí agus do na comhaltaí a chinntiú go gcomhlíonann an taighde na riachtanais náisiúnta agus idirnáisiúnta uile a rialaíonn úsáid ábhar nó próiseas íogair, mar shampla (agus ní liosta uileghabhálach é seo): iseatóip radaighníomhacha, radaíocht ianúcháin, ainmhithe saotharlainne nó ainmhithe eile, orgánaigh phataigineacha, orgánaigh ghéinmhodhnaithe, substaintí tocsaineacha agus guaiseacha, agus taighde ar dhaoine agus ar shuthanna daonna.
- 6.37 Bíonn comhaltachtaí CAROLINE á rialú chomh maith ag [bunphrionsabail eiteiciúla Horizon 2020](#)²⁶. Tá forlámhas ag rialacha Horizon 2020 ar rialacha náisiúnta.
- 6.38 Má bhíonn teacht ar ábhar cartlainne atá i gcoimeád príobháideach, nó ar ábhar cartlainne ar a bhfuil teacht teoranta ag teastáil le haghaidh an tionscadail, beidh gá le fianaise scríofa ar chead cuí le breathnú ar an ábhar seo a chur ar fáil don Chomhairle mar chuid de dhoiciméid glactha na dámhachtana.

Gné ghnéis/inscne

- 6.39 Tá an '[Gender Strategy & Action Plan 2013–2020](#)' de chuid na Comhairle ar fáil ar a suíomh gréasáin²⁷.
- 6.40 Ceanglaítear ar na comhaltaí dianmhachnamh a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ann d'aon ghné fhéideartha bhitheolaíoch ghnéis agus/nó inscne a d'fhéadfadh teacht aníos le linn a gcuid taighde.
- 6.41 Sa chás ina bhfuil comhalta páirteach in eagrú painéil comhdhála, líonraithe nó scaipthe a bhaineann leis an tionscadal taighde atá ar bun aige nó aici, ba chóir go dtabharfaí aird chuí ar chothromaíocht inscne ar an bpainéal nó ar na painéil sin.

7. IONRACAS TAIGHDE

- 7.1 Ní mór do na hóstegraíochtaí go léir a chinntiú go gcloítear leis an gcaighdeán is airde d'iompraíocht taighde.
- 7.2 Ní mór don ósteagraíocht bhaile a chinntiú go bhfuil próisis fhoirmiúla, atá cothrom agus éifeachtach, i bhfeidhm i dtaobh imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí faoi mhí-iompraíocht taighde (m.sh. bradaíl, falsú nó cumadh sonraí, roghnú míchuí sonraí, mí-úsáid a bhaint as cistí taighde) nuair a dhéantar iad. Ní mór do na próisis sin, mar aon leis na nósanna imeachta comhaontaithe i dtaobh líomhaintí faoi mhí-iompar taighde a imscrúdú, a bheith trédhearcach agus a bheith poiblithe go soiléir. Na córais a bheidh i bhfeidhm chun mí-iompraíocht taighde a bhainistiú, ba chóir go mbeidís i gcomhréir chomh maith leis na bunphrionsabail atá mar bhonn agus taca ag macántacht taighde agus dea-chleachtas ar bith mar a mhínítear sa ráiteas beartais náisiúnta

²⁶ <https://ec.europa.eu/programmes/horizon2020/en/h2020-section/ethics>

²⁷ http://research.ie/assets/uploads/2013/01/irish_research_council_gender_action_plan_2013_-_2020.pdf

[‘Macántacht Taighde a Chinntiú in Éirinn’²⁸](#) agus sa [‘Chód Eorpach Iompraíochta ar son Macántacht Taighde’ \(leagan athbheithnithe 2017\)’²⁹](#).

- 7.3 Tá ceangal ar an ósteagraíocht bhaile gach toradh ar chás cruthaithe ar bith de mhí-iompraíocht taighde a eascraíonn as tionscadal taighde atá maoinithe ag an gComhairle a thuairisciú don Chomhairle.

Foilseacháin agus aitheantas ar mhaoiniúchán ón gComhairle agus ón gCoimisiún Eorpach

- 7.4 Ní foláir go mbeidh faomhadh an mheantóra acadúil ag gach foilseachán beartaithe a eascraíonn as an obair taighde.
- 7.5 Caithfidh fógra roimh ré a bheith tugtha faoina leithéid d'iarratas don mheantóir iasachta, nó caithfear faomhadh a fháil ón meantóir iasachta in éineacht le faomhadh an mheantóra acadúil, de réir an chomhaontaithe a bheidh déanta idir an ósteagraíocht bhaile agus an phríomheagraíocht chomhpháirtí (mar atá sonraithe i bhForáil 11.4).
- 7.6 Caithfidh an phoiblíocht go léir, lena n-áirítear léachtaí poiblí, agallaimh, sínithe ríomhphoist, cinn litreach, comharthaí oifige, foilseacháin, monagraif, ábhair chlóite, ábhair ar líne, preaseisiúintí, fógraí teilifíse agus raidió, suíomhanna gréasáin, scannáin, físeáin agus clostaifid a bhaineann leis an taighde a rinne an comhalta agus comhaltacht CAROLINE aige/aici nó a bhí mar thoradh ar an taighde sin, caithfidh aitheantas a bheith iontu go léir don mhaoiniú atá faighte ón gComhairle agus ón gCoimisiún Eorpach faoi Ghníomhartha Marie Skłodowska-Curie, mar atá sonraithe i [gcomhaontú deontais na scéime comhaltachtaí](#)³⁰.
- 7.7 In ainneoin an riachtanais atá ann tuairisciú a dhéanamh ar phoiblíocht nó gnóthachtáil ar bith trí thuairisciú ar dhul chun cinn (féach Rannán 10), tá dualgas ar chomhaltaí chomh maith an Chomhairle a chur ar an eolas roimh ré faoi iad a bheith páirteach in ócáidí suntasacha ar bith, amhail dámhachtain nó bonn a fháil, dáileadh poiblí taighde an chomhalta, nó clúdach na meán ar a leithéid. I gcás go bhfuiltear ag súil leis go ndéanfar clúdach na meán mór cumarsáide ar ghníomhaíocht chumarsáide, cuirfidh an Chomhairle an GFT ar an eolas.

8. CÚRSAÍ AIRGEADAIS

Íocaíocht na comhaltachta

- 8.1 Faoi réir chloí an chomhalta, na meantóirí agus na hósteagraíochta baile agus na príomheagraíochta comhpháirtí leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo, agus faoi réir tuairiscí sásúla a bheith faighte ag an gComhairle ar dhul chun cinn na comhaltachta, íocfar an chomhaltacht le hósteagraíocht bhaile an chomhalta mar thráthchodanna ráithiúla, agus íocfar an chéad tráthchuid tar éis don chomhaltacht tosú.

²⁸ <http://www.iua.ie/research-innovation/research-integrity/>

²⁹ <http://www.allea.org/wp-content/uploads/2017/05/ALLEA-European-Code-of-Conduct-for-Research-Integrity-2017.pdf>

³⁰ http://ec.europa.eu/research/participants/data/ref/h2020/mga/msca/h2020-mga-msca-cofund-mono_en.pdf

- 8.2 Déantar na híocaíochtaí uile i leith chomhaltachtaí CAROLINE le hósteagraíocht bhaile an chomhalta. Ní aistríonn an Chomhairle aon airgead chuig an gcomhalta ná chuig an bpríomheagraíocht chomhpháirtí go díreach.
- 8.3 Déanfaidh an ósteagraíocht bhaile íocaíocht na dámhachtana leis an gcomhalta a chomhordú. Tá an comhalta freagrach as teagmháil a dhéanamh leis an oifig chúí taighde (nó a comhionann) san ósteagraíocht bhaile maidir le riar an chiste comhaltachta.
- 8.4 Tá an comhalta, i gcomhar lena m(h)eantóir acadúil agus a m(h)eantóir iasachta, freagrach as pleanáil agus caiteachas cuí airgeadais faoi Fhoráil 5.
- 8.5 Braitheann íocaíocht comhaltacht CAROLINE go hiomlán ar mhaoiniú a bheith á fháil go fóill ag an gComhairle ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ón GFT. Má chuirtear deireadh lena leithéid de mhaoiniú nó má laghdaítear é, ní bheidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ná an Chomhairle faoi dhliteanas ar bith maoiniú a chur ar fáil ná cúiteamh a dhéanamh le comhalta as aon laghdú ar an maoiniú seo, ná as é a chur ar ceal.

Cuntasacht ó thaobh airgid de

- 8.6 Tá an ósteagraíocht bhaile freagrach agus cuntasach as úsáid cheart chiste na comhaltachta ar feadh thréimhse iomlán na comhaltachta.
- 8.7 Coimeádann an Chomhairle de cheart aici féin deimhniú a lorg ó iniúchóirí seachtracha na hósteagraíochta baile maidir leis na nithe seo a leanas:
 - 8.7.1 go bhfuil cuntais bhliantúla na hósteagraíochta baile cothrom le dáta agus go bhfuil siad faofa ag na hiniúchóirí gan choinníoll;
 - 8.7.2 nár tarraingíodh aon cheist anuas sa litir bhainistíochta ó na hiniúchóirí a d'imir tionchar suntasach nó a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar riar na gcomhaltachtaí arna mbronnadh ag an gComhairle;
 - 8.7.3 gur úsáideadh an t-airgead a fuarthas faoin gcomhaltacht chun na críche ar bronnadh é lena haghaidh.
- 8.8 Coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin iniúchtaí a choimisiúnú ar an ósteagraíocht bhaile rannpháirteach lena chinntiú go bhfuil ceanglais airgeadais nó ceanglais eile á gcomhlíonadh aici. Glacann an ósteagraíocht bhaile uirthi féin athbhreithnithe den sórt sin a éascú go hiomlán.
- 8.9 Ní ghlacann an Chomhairle le freagracht airgeadais ná aon fhreagracht eile as caiteachas ná as dliteanas a eascraíonn as obair a dhéantar faoin gcomhaltacht. Ní mór don ósteagraíocht bhaile an Chomhairle a shlánú go hiomlán in aghaidh an chaiteachais agus na ndlíteanas uile den chineál sin, agus in aghaidh aon chaingne, imeachtaí, costais, damáiste, nó éilimh speansais a dhéanfar, lena n-áirítear go háirithe, ach gan teorainn, in aghaidh aon éilimh ar chúiteamh a bhféadfadh an ósteagraíocht a bheith faoi dhliteanas ina leith ina cáil mar fhostóir nó ar bhealach eile, nó in aghaidh éilimh ar bith i ndáil le maoin intleachtúil ar bith.
- 8.10 Tabharfaidh an ósteagraíocht bhaile aon airgead gan chaitheamh ar ais don Chomhairle ag deireadh na tréimhse maoiniúcháin.

9. ATHBHREITHNIÚ AR AN DUL CHUN CINN

- 9.1 Creideann an Chomhairle go bhfuil tábhacht shuntasach ag baint le nósanna imeachta i ndáil le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht taighde agus le dul chun cinn éifeachtach faoin gcomhaltacht a chinntiú.
- 9.2 Beidh ar an gcomhalta tuarascáil chuimsitheach a chur faoi bhráid na Comhairle go bliantúil, agus tuairisc níos giorra a chur faoina bráid i lár na bliana.
- 9.3 Beidh an comhalta freagrach as cinntiú go gcuirfear na tuairiscí go léir ar dhul chun cinn isteach in am. D'fhéadfadh sé go gcuirfí an chomhaltacht ar ceal mura gcuirtear na tuairiscí agus na tuarascálacha sin isteach in am.
- 9.4 Tá an fhormáid do na tuairiscí agus do na tuarascálacha sin le fáil ón gComhairle, agus beidh an méid seo a leanas, gan a bheith teoranta dó, san áireamh:
 - 9.4.1 nuashonrú airgeadais
 - 9.4.2 cur i bhfeidhm an phlean forbartha agus oiliúna gairme
 - 9.4.3 dul chun cinn i dtaobh taighde agus aschur taighde
 - 9.4.4 gníomhaíochtaí for-rochtana
- 9.5 Caithfidh measúnacht rúnda ar dhul chun cinn na comhaltachta ón meantóir acadúil agus ón meantóir iasachta a bheith in éineacht leis na tuarascálacha seo, de réir mar is infheidhme.
- 9.6 Iarrfaidh an Chomhairle tuarascálacha ar an gcomhalta agus ar a m(h)eantóirí a bheidh le cur isteach acu tríd an gcóras ar líne.
- 9.7 Beidh a leithéid de thuairiscí agus de thuarascálacha, chomh maith le fianaise eile ar ghnóthachtáil, amhail faomhadh foirmiúil na hinstitiúide, ina gceanglas chun leanúint den mhaoiniú.
- 9.8 Mura gcuireann an comhalta na tuairiscí ar an dul chun cinn faoi bhráid na Comhairle in am, nó má fhaigheann an Chomhairle tuairiscí ar an dul chun cinn nó measúnachtaí nach bhfuil sásúil, cuirfear an comhalta ar an eolas faoin tuairisc mhíshásúil. Beidh cead ag an gcomhalta tuarascáil athmheasta a sheoladh isteach arís. Coimeádann an Chomhairle de cheart aici féin coiste athbhreithnithe a thionól chun measúnacht a dhéanamh ar an gcomhaltacht go nuige sin, de réir na dtorthaí insoláthartha a leagadh síos sa togra a cuireadh faoi bhráid na Comhairle ar an gcéad dul síos (lena n-áirítear an plan taighde agus torthaí beartaithe, agus an plan forbartha agus oiliúna gairme).
- 9.9 Má iarrtar ar an gcomhalta, ar an meantóir acadúil agus ar an meantóir iasachta freastal ar chruinnithe leis an gComhairle chun tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn nó ar thorthaí na comhaltachta, ní mór dóibh sin a dhéanamh.
- 9.10 I gcás go dtionólaíonn an Chomhairle coiste athbhreithnithe, féadfaidh an coiste sin ionchuir disciplíne a lorg de réir mar is gá ó shaineolaithe a d'fheidhmigh mar mheastóirí. Tabharfaidh an Chomhairle aiseolas don chomhalta le cur in iúl:
 - 9.10.1 go raibh an tuairisc sásúil ar gach bealach agus go leanfar den chomhaltacht;

- 9.10.2 nach raibh an tuairisc sásúil ar roinnt bealaí agus na bearta ar leith atá le déanamh laistigh de thréimhse shonraithe ama chun í a réiteach;
- 9.10.3 go dtugann an tuairisc le fios nach bhfuil dul chun cinn sásúil déanta agus go bhféadfadh sé go gcuirfí an chomhaltacht ar fionraí nó ar ceal.
- 9.11 Féadfaidh an Chomhairle an chomhaltacht a chur ar fionraí nó ar ceal sa chás go measfadh sí gur gá sin tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an eolas agus ar na tuairiscí anseo thuas.
- 9.12 Seans go mbeidh gá le hiniúchadh seachtrach taighde agus airgeadais a dhéanamh ar gach comhaltacht.
- 9.13 Beidh sé mar fhreagracht ar mheantóir acadúil agus meantóir iasachta an chomhalta a chinntiú go gcuirfear an Chomhairle ar an eolas láithreach má fhágann an comhalta a (h)ósteagraíocht, nó mura bhfuil go leor ama á chaitheamh nó dóthain iarrachta á dhéanamh aige/aici in obair na comhaltachta.
- 9.14 Caithfidh an comhalta teagmháil a dhéanamh leis an oifig chuí ina (h)ósteagraíocht bhaile má tá imní air/uirthi faoin gcomhaltacht. Má bhaineann a leithéid d'inní le rannpháirtíocht na príomheagraíochta comhpháirtí sa chomhaltacht, caithfidh an comhalta díriú ar a leithéid d'inní lena meantóir iasachta ar dtús. Má bhaineann a leithéid d'inní le rannpháirtíocht na heagraíochta comhpháirtí socrúchán sa chomhaltacht, caithfidh an comhalta díriú ar a leithéid d'inní lena m(h)eantóir socrúcháin ar dtús. Má tá imní air/uirthi go fóill, ní mór don comhalta teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an gComhairle.
- 9.15 Is faoin gcomhalta atá sé an Chomhairle a chur ar an eolas faoi aon athrú ar sheoladh, ar uimhir ghutháin nó ar sheoladh ríomhphoist tráth nach déanaí ná coicís i ndiaidh an athraithe. Ba chóir athruithe dá leithéid a chur in iúl trí leathanach próifíle an chomhalta ar an gcóras ar líne. D'fhonn teagmháil a éascú, iarrtar ar chomhaltaí aon seoladh ríomhphoist amháin a úsáid le haghaidh gach comhfhreagrais, ón iarratas go dtí an dámhachtain, agus ar feadh na comhaltachta chomh maith.
- 9.16 Éilítear ar na comhaltaí sonraí teagmhála eile a lua sa tuarascáil deiridh nó ar shlí eile a iarrfaidh an Chomhairle ionas go bhféadfaidh an Chomhairle gairm bheatha na dtaighdeoirí a rianú. Déanfaidh an Chomhairle suirbhé tréimhsiúil ceann scríbe ar na daoine siúd a fuair agus a chríochnaigh comhaltachtaí, agus toileoidh an comhalta comhoibriú trí fhreagra a thabhairt air sin. Má thagann athrú ar shonraí teagmhála comhalta nuair a bheidh an dámhachtain curtha i gcrích, iarrtar ar an gcomhalta sin sonraí atá cothrom le dáta a sholáthar trína leathanach próifíle sa chóras ar líne.
- 9.17 Is gá do chomhaltaí ceistneoir measúnachta a chomhlánú agus a sheoladh isteach (ag deireadh na comhaltachta) chomh maith le ceistneoir leantach (dhá bhliain ina dhiaidh sin) a bheidh curtha ar fáil ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde.

10. IARCHUR, CUR AR FIONRAÍ AGUS FOIRCEANNADH

Comhaltacht a iarchur nó a chur ar fionraí

- 10.1 Ní fhéadfar comhaltachtaí a iarchur ná a chur ar fionraí ach amháin i gcás sosanna incháilithe gairme. Áirítear le sosanna gairme incháilithe saoire mháithreachais, saoire atharthachta, saoire uchtaíoch, saoire bhreiteachta fhada, agus saoire chúramóirí. Beidh gá le fianaise dhoiciméadach ar shos gairme incháilithe má táthar chun scoláireacht a iarchur nó a chur ar fionraí. Beidh foirm theimpléid ar fáil chun iarchur nó cur ar fionraí a iarraidh. Is faoi lánrogha na Comhairle a bheidh an cinneadh ina leith sin, ar cinneadh é a bheidh críochnaitheach.
- 10.2 Sa chás go n-aontaítear an chomhaltacht a chur ar fionraí, féadfaidh an Chomhairle iarratais ón gcomhalta ar shíntí ar an téarma maoiniúcháin a chur faoi chaibidil ar chuntar nach bhfuil costais bhreise i gceist leo.

Saoire mháithreachais

- 10.3 Beidh comhaltaí CAROLINE i dteideal saoire íoctha mháithreachais de réir fhoráil 5.2.7.
- 10.4 I gcás comhaltaí ar mian leo saoire mháithreachais a ghlacadh, beidh siad in ann a iarraidh go gcuirfí an dámhachtain ar fionraí ar feadh tréimhse suas le haon bhliain amháin. Beidh fáil ar fhoirm iarratais i bhfoirm teimpléid chun cead a iarraidh ón gComhairle. Nuair a bheidh cead faighte, cuirfear an chomhaltacht ar fionraí ar feadh na tréimhse ábhartha ama agus déanfar dáta nua a shocrú le haghaidh dheireadh na dámhachtana. Ní mór an Chomhairle a chur ar an eolas, i scríbhinn, faoin dáta ar a measfar a thosóidh an tsaoire mháithreachais ceithre seachtaine ar a laghad roimh ré.
- 10.5 Ní mór do chomhaltaí teagmháil a dhéanamh lena n-ósteagraíocht bhaile faoina saoire mháithreachais bheartaithe.
- 10.6 Má tá an tsaoire mháithreachais le tarlú i rith iasacht nó shocrúchán éigeantach an chomhalta, beidh uirthi teagmháil a dhéanamh lena meantóir iasachta nó a meantóir socrúcháin de réir mar is infheidhme.
- 10.7 Ba chóir do chomhaltaí teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun fiosrú an bhfuil siad i dteideal sochair mháithreachais a fháil.
- 10.8 Tá [Beartas Saoire Mháithreachais](#) na Comhairle ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle³¹.

Foirceannadh na comhaltachta

- 10.9 Tuigeann an Chomhairle go bhféadfadh sé gur mhian le comhalta deireadh a chur lena c(h)omhaltacht go luath, bíodh sé ar chúiseanna pearsanta, gairmiúla nó ar chúiseanna eile. Níor chóir an gníomh seo a dhéanamh gan dul i gcomhairle leis an gComhairle *roimh ré*.

³¹ http://research.ie/assets/uploads/2017/05/irish_research_council_maternity_leave_policy_final_2016.pdf

- 10.10 Sa chás nach féidir le comhalta a t(h)ionscadal a dhéanamh de réir na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo ná de réir an iarratais fhaofa ar chomhaltacht ar chúis ar bith (cúiseanna sláinte san áireamh), ní foláir don chomhalta agus don mheantóir acadúil an Chomhairle agus an oifig taighde (nó a comhionann) san ósteagraíocht bhaile a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir. I gcás go bhfuil deireadh luath le cur leis an gcomhaltacht roimh iasacht éigeantach an chomhalta nó lena linn, caithfidh an comhalta teagmháil a dhéanamh leis an meantóir iasachta chomh maith. I gcás go bhfuil deireadh luath le cur leis an gcomhaltacht roimh shocrúchán an chomhalta nó lena linn, caithfidh an comhalta teagmháil a dhéanamh leis an meantóir socrúcháin chomh maith. Ní mór don chomhalta an méid seo a dhéanamh tráth nach déanaí ná coicís tar éis dá leithéid de chás a bheith curtha ar na súile dó nó di. Ina leithéid de chásanna, tabharfaidh an Chomhairle aird ar ghnáthchleachtais ósteagraíocht bhaile an chomhalta. I bhfianaise an bhoinn ar a mbronntar na comhaltachtaí, áfach, forchoimeádan an Chomhairle an ceart chun an chomhaltacht a tharraingt siar nó a chur ar fionraí.
- 10.11 I gcásanna ina bhfuil sé de rún ag an gcomhalta deireadh a chur leis an gcomhaltacht go luath, beidh cruthúnas ag teastáil ón gComhairle ar an dul chun cinn a rinneadh i gcur i gcrích na comhaltachta roimh an dáta deiridh.
- 10.12 Má mheasann an Chomhairle nach leor an dul chun cinn atá déanta ag an gcomhalta, féadfaidh an Chomhairle iallach a chur ar an gcomhalta nó ar an ósteagraíocht bhaile, nó ar an dá pháirtí sin, an t-airgead a tugadh dóibh a aisíoc.
- 10.13 Más é an comhalta a chuireann deireadh le comhaltacht, ní bheidh an Chomhairle freagrach as leanúint d'airgead a íoc leis an ósteagraíocht bhaile. D'fhéadfadh an Chomhairle iarracht a dhéanamh an t-airgead arna leithdháileadh nó arna úsáid a ghnóthú go hiomlán nó go páirteach.
- 10.14 Coimeádan an Chomhairle an ceart aici féin chun an chomhaltacht a chur ar fionraí nó ar ceal agus/nó aisíocaíocht a éileamh ar an ósteagraíocht bhaile más rud é gurb amhlaidh, i dtuairim na Comhairle, go ndearnadh sárú ábhartha ar na Téarmaí agus Coinníollacha mar atá leagtha amach sa doiciméad seo.

11. FREAGRACHTAÍ NA nÓSTEAGRAÍOCHTAÍ

- 11.1 Caithfidh coinníollacha fostaíochta agus oibre chomhaltaí CAROLINE a bheith i gcomhréir le coinníollacha fostaíochta na hÉireann agus leis '[an gCairt Eorpach do Thaighdeoirí agus an Cód Iompraíochta um Earcaíocht Taighdeoirí](#)'³², lena n-áirítear coinníollacha oibre, aithint na gairme agus comhdheiseanna, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.
- 11.2 Caithfidh na hósteagraíochtaí a bheith in ann treoir agus meantóireacht ghairmiúil a chur ar fáil don chomhalta, agus rochtain a chur ar fáil ar áiseanna nó sonraí turgnamhacha de réir mar atá bainteach leis an gcomhaltacht.
- 11.3 Is gá d'ósteagraíochtaí na saoráidí agus an rochtain ar an trealamh a theastóidh ón gcomhalta leis an taighde a dhéanamh a chur ar fáil, agus ní mór a chinntiú

³² <https://euraxess.ec.europa.eu/jobs/charter>

go gcoinneofar an trealamh agus na hábhair ar fad a chuirtear ar fáil don chomhaltacht faoi dhea-bhail agus go mbíonn fáil ag taighdeoirí/baill foirne eile orthu faoi réir téarmaí agus coinníollacha réasúnta.

- 11.4 Is gá comhaontú scríofa a chur i bhfeidhm idir an ósteagraíocht bhaile agus an phríomheagraíocht chomhpháirtí sula gcuirfear tús leis an gcomhaltacht. Cuimseofar leis sin rúndacht, foilsíú, cearta maoin intleachtúla, aistriú maoiniúcháin ón ósteagraíocht bhaile chuig an bpríomheagraíocht chomhpháirtí, coinníollacha maidir le hiasacht an chomhalta, lena n-áirítear cearta agus freagrachtaí an chomhalta i leith na príomheagraíochta chomhpháirtí agus gnéithe eile den chomhaltacht de réir mar is infheidhme. Ní féidir le téarmaí aon chomhaontaithe den sórt sin a bheith ar neamhréir leis na cinn atá leagtha amach sa doiciméad seo.
- 11.5 Caithfear cóip den chomhaontú scríofa idir an ósteagraíocht bhaile agus an phríomheagraíocht chomhpháirtí a chur ar fáil don Chomhairle sula dtosóidh an chomhaltacht.
- 11.6 Ba chóir comhaontú scríofa mar atá sonraithe i bhForáil 11.4 maidir le socrúcháin roghnacha a chur i bhfeidhm sa chás gur dócha go bhféadfadh maoin intleachtúil teacht chun cinn mar gheall ar an gcomhaltacht. Faoin ósteagraíocht bhaile atá sé a chinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil a leithéid de chomhaontú de dhíth le díriú ar ghnéithe eile de shocrúchán an chomhalta agus é sin faoi réir imthosca ar leith, amhail fad an tsocrúcháin, an áit a mbeidh sé ar siúl, srl.
- 11.7 Ní mór do na hósteagraíochtaí na ceadanna riachtanacha agus reachtúla go léir a fháil agus cloí leo faoi mar atá leagtha síos ag na húdaráis áitiúla agus náisiúnta maidir le cosaint an chomhshaoil, truailliú a chosc agus cosaint níos leithne ar shláinte agus ar shábháilteacht na sochaí a chinntiú.

Ósteagraíocht bhaile

- 11.8 Ní mór don ósteagraíocht bhaile glacadh leis an bhfreagracht ar fad as an obair thaighde go léir atá maoinithe faoin gcomhaltacht a bhainistiú agus a rialú, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh uirthi, agus as an gciste comhaltachta a bhainistiú de réir bhuiséad na dámhachtana.
- 11.9 Caithfidh an ósteagraíocht bhaile a chinntiú go gceapfar meantóir acadúil agus é/í freagrach as tacú leis an gcomhalta agus as é/í a threorú. Ba ghnách go mbeadh an meantóir acadúil seo ina p(h)ríomhthaighdeoir, nó go mbeadh duine eile atá cáilithe go cuí i gceist, agus beifear ag súil leis go mbeidh sé/sí mar bhall foirne den ósteagraíocht ar feadh fhad iomlán na comhaltachta.
- 11.10 Agus faomhadh institiúideach á thabhairt aici d'iarratas ar chomhaltacht CAROLINE, deimhneoidh an ósteagraíocht bhaile cáilitheacht agus oiriúnacht an mheantóra acadúil bheartaithe atá le tacú leis an gcomhalta.
- 11.11 Caithfidh an ósteagraíocht bhaile conradh fostaíochta a shocrú leis an gcomhalta ar feadh fhad iomlán na comhaltachta. Beidh an conradh mar an gcéanna leis an gconradh a thairgeann an ósteagraíocht bhaile le haghaidh gach conartha ar théarma seasta, agus é mar choinníoll go mbeidh an conradh á choimeád faoi réir mhaoiniú leanúnach na Comhairle agus an Choimisiúin Eorpaigh. Beidh eolas sna conarthaí fostaíochta faoi na cleachtais oibre reachtúla a chinneann na

coinníollacha a bhaineann le cur i gcrích na comhaltachta. Ní bheidh sé ag teacht salach ar na rialacha lena rialaítear an chomhaltacht.

11.12 Ní mór na sonraí seo a lua sa chonradh fostaíochta:

- 11.12.1 an dlí a bhaineann leis an gconradh fostaíochta;
- 11.12.2 nádúr cheapachán an taighdeora ó thaobh stádais de;
- 11.12.3 fad iomlán na comhaltachta, an dáta tosaithe agus an dáta deiridh, agus na riachtanais a bhaineann leis an iasacht éigeantach;
- 11.12.4 go gcaithfear an chéim fillte faoi chomhaltachtaí idirnáisiúnta a thosú láithreach tar éis na céime amuigh;
- 11.12.5 ráthaíocht shainráite maidir leis an gconradh fostaíochta atá i bhfeidhm leis an ósteagraíocht bhaile roimh thús na céime amuigh go gcoimeádfar é le haghaidh na céime fillte; in éineacht leis an oibleagáid atá ar an taighdeoir filleadh ar an ósteagraíocht bhaile tar éis na céime amuigh chun an chéim fhillte den tionscadal a chur i gcrích;
- 11.12.6 sonraí na príomheagraíochta comhpháirtí le haghaidh na hiasachta éigeantaí, sonraí láthair na hoibre agus ainm mheantóir acadúil an chomhalta;
- 11.12.7 luach na liúntas atá le híoc agus na socruithe chun íocaíocht a dhéanamh leis an gcomhalta. Déanfar íocaíochtaí in euro;
- 11.12.8 forálacha maidir le laethanta saoire agus pá saoire, saoire bhliantúil, saoire bhreiteachta agus saoire mháithreachais;
- 11.12.9 na socruithe idir an ósteagraíocht bhaile, an phríomheagraíocht chomhpháirtí agus an comhalta maidir le cearta maoine intleachtúla (más infheidhme), agus maidir le rialacha rúndachta;
- 11.12.10 an cumhdach leasa shóisialaigh agus an pinsean a chuirfear ar fáil don chomhalta.

11.13 Tá an ósteagraíocht bhaile freagrach as árachas timpistí cuí a shocrú don chomhalta, agus an t-árachas sin ag maireachtáil ar feadh fhad iomlán na comhaltachta.

An phríomheagraíocht chomhpháirtí

- 11.14 Caithfidh an phríomheagraíocht chomhpháirtí a chinntiú go gceapfar meantóir iasachta le bheith ag obair leis an gcomhalta agus lena m(h)eantóir acadúil, chun comhairle a thabhairt agus ceangal a chruthú le hiarrachtaí taighde na príomheagraíochta comhpháirtí.
- 11.15 Ba chóir teagmháil rialta atá minic go leor a dhéanamh go leanúnach idir an meantóir socrúcháin, an comhalta agus an meantóir acadúil i rith na comhaltachta.

Eagraíocht chomhpháirtí socrúcháin

- 11.16 Caithfidh an eagraíocht chomhpháirtí socrúcháin a chinntiú go gceapfar meantóir socrúcháin le bheith ag obair leis an gcomhalta, lena m(h)eantóir acadúil, agus pé áit ar infheidhme, lena m(h)eantóir iasachta, chun comhairle a thairiscint agus ceangal a chruthú le hiarrachtaí taighde na heagraíochta comhpháirtí socrúcháin.
- 11.17 Ní mór go mbeidh teagmháil rialta atá minic go leor ar siúl go leanúnach idir an meantóir socrúcháin, an comhalta, an meantóir acadúil, agus pé áit ar infheidhme, an meantóir iasachta, ar feadh fhad iomlán na comhaltachta mar bhunriachtanas.

12. COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA COMHALTACHTA

- 12.1 Beidh na Téarmaí agus na Coinníollacha seo faoi rialú dhlí na hÉireann agus forléireofar dá réir sin iad, agus géillfidh gach páirtí do dhlínse chúirteanna na hÉireann go sainráite agus go neamh-inchúlghairthe.
- 12.2 Déanfaidh an Chomhairle a dícheall nósanna imeachta a ghlacadh atá ag teacht le beartais Rialtas na hÉireann i ndáil leis an tsochaí faisnéise a fhorbairt agus, dá réir sin, caithfear le ríomhtheachtaireachtaí arna bhfiordheimhniú go cuí amhail is dá mba i scríbhinn a bhí siad ó thaobh an dlí de.
- 12.3 Ní mór don Chomhairle agus ósteagraíochtaí dea-chleachtas a chomhlíonadh maidir le cosaint, bainistiú agus slándáil sonraí. Ní bheidh an Chomhairle faoi aon dliteanas dlíthiúil de dheasca cur isteach arna dhéanamh ag tríú páirtí.
- 12.4 Nuair a ghlacann comhalta le comhaltacht, caithfidh sé/sí cead a thabhairt don Chomhairle sonraí maidir leis an iarratas a roinnt le ranna rialtais agus le gníomhaireachtaí maoiniúcháin náisiúnta eile chun críocha staidrimh agus ceaptha beartas.
- 12.5 Coimeádann an Chomhairle de cheart aici féin Téarmaí agus Coinníollacha na comhaltachta seo a leasú ag am ar bith. Cuirfear aon leasú den sórt sin in iúl do na hósteagraíochtaí baile rannpháirteacha agus cuirfear ar [shuíomh gréasáin na Comhairle é chomh maith](#).

13. COINBHLEACHTAÍ LEASA

- 13.1 Bíonn coinbhleacht leasa ann nuair a bhíonn leasanna nó dílseachtaí duine in iomaíocht lena chéile idir a leasanna príobháideacha agus a f(h)reagrachtaí oifigiúla. D'fhéadfadh sé a bheith deacair do dhuine a d(h)ualgais a chomhlíonadh go neamhchlaonta mar thoradh ar leasanna atá in iomaíocht lena chéile. D'fhéadfadh an choinbhleacht a bheith ann i ndáiríre, follasach nó féideartha. Bíonn coinbhleacht leasa ann fiú más rud é nach mbíonn aon ghníomh mí-eiticiúil ná míchuí iarbhir mar thoradh uirthi.

- 13.2 Ba cheart d'iarratasóirí agus do mheantóirí cásanna a sheachaint ina dtiocfadh coinbhleachtaí leasa chun cinn faoi na socrúithe meantóireachta atá beartaithe do chomhaltacht. Nuair is infheidhme, níor cheart go mbeadh gaol pearsanta (amhail céilí, comhpháirtithe, tuismitheoir/leanbh, deartháireacha nó deirfiúracha, nó gaol eile cosúil leo sin) idir an t-iarratasóir agus an meantóir acadúil, iasachta nó socrúcháin atá beartaithe.
- 13.3 Aithnítear nach féidir coinbhleachtaí leasa féideartha a sheachaint i gcásanna áirithe, mar shampla i gcás ina bhfuil gá le saineolas taighde an-speisialaithe ar leith. Nuair nach féidir coinbhleacht leasa a sheachaint, lena n-áirítear coinbhleachtaí leasa follasacha agus féideartha, bíonn ar an iarratasóir agus ar an meantóir atá i gceist (meantóir acadúil, iasachta nó socrúcháin de réir mar is ábhartha) nádúr na coinbhleachta leasa a nochtadh san iarratas, agus beidh ar an iarratasóir an dara meantóir (meantóir acadúil, iasachta nó socrúcháin de réir mar is ábhartha) a ainmniú san fhoirm iarratais.
- 13.4 I gcás nach nochtann an t-iarratasóir agus/nó an meantóir coinbhleacht leasa a thiocfaidh chun solais tar éis an spriocdháta chun iarratais a chur isteach, beidh de cheart ag an gComhairle an t-iarratas a mheas mar a bheith neamh-inchálithe agus an dámhachtain a tharraingt siar.

14. DÍNIT I mBUN TAIGHDE

- 14.1 Tacaíonn an Chomhairle le córas taighde ina gcuirtear ar a gcumas do thaighdeoirí lán a n-acmhainneachta a bhaint amach ag gach céim dá ngairm. Tá na comhaltaí agus a gcuid meantóirí i dteideal a gcuid taighde a chur i gcrích gan aon chineál ciaptha, íosparta ná bulaíochta a bheith á dhéanamh orthu. Tá an fhreagracht ar ósteagraíochtaí timpeallacht chuí oibre a chinntiú agus déileáil go tapa le gearán nó fadhb ar bith, i gcomhréir leis na nósanna imeachta casaoide atá comhantaithe. Tá ráiteas iomlán na Comhairle ar dhínit i mbun taighde ar fáil [ar shuíomh gréasáin na Comhairle](http://research.ie/assets/uploads/2017/05/statement_on_dignity_at_work_0.pdf)³³.
- 14.2 Tá foireann go léir na Comhairle i dteideal go gcaithfí leo go múinte measúil i gcónaí agus, dá réir sin, spreagtar iad chun tuairisc a thabhairt don lucht bainistíochta ar chás sáraithe ar bith. I gcásanna ina gcaitear go maslach nó go míchuí le baill foirne, coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin chun tuairisc a thabhairt ar an iompraíocht sin do na daoine cuí san ósteagraíocht bhaile nó san eagraíocht eile lena mbaineann an duine.

³³ http://research.ie/assets/uploads/2017/05/statement_on_dignity_at_work_0.pdf